RFA2

Iarratas le bheith ar an bhForlíonadh do Chlár na dToghthóirí 2010/2011

Léigh na Nótaí go Cúramach le do Thoil sula gComhlánann tú an Fhoirm

1. Ainm **(BLOCLITREACHA):** _____

   [Cuir isteach mionsonraí eile le do thoil ar nós Sin., Sóis., ainm eile nó ceannlitir má tá duine éigin eile leis an gcéadainm agus an sloinne céanna ina chónaí nó ina cónaí ag an seoladh céanna]

2. Seoladh **(BLOCLITREACHA):** _____

   _____

3. Uimhir theileafóin lae: _____

4. Dáta breithe (féach nóta 3): _____

5. Cathain a chuaigh tú i chun gnáthchónaithe ag an seoladh thuas? _____

6. Cén áit a raibh gnáthchónaí ort díreach roimh do sheoladh reatha? _____

   _____

7. Má bhí gnáthchónaí ort ag aon seoladh/seoltaí eile ón 1ú Meán Fómhair 2009(seachas iad sin atá tugtha ag 2 agus 6), tabhair mionsonraí le do thoil.

   _____

   _____

8. Cuir tic (√) le do thoil i mbosca amháin lena léiriú cé acu díobh seo tú:

Saoránach d'Éirinn	☐	Saoránach den Bhreatain	☐
Náisiúnach de Stát AE eile (seachas an Ríocht Aontaithe)	☐	Náisiúnach de thír neamh-AE	☐

9. (a) Cuir tic (√) le do thoil i mbosca amháin lena léiriú:

   go raibh tú cláraithe roimhe seo mar thoghthóir ☐
   go bhfuil tú cláraithe faoi láthair mar thoghthóir ☐
   nach raibh tú cláraithe riamh mar thoghthóir ☐

   (b) Má tá tú/bhí tú cláraithe mar thoghthóir, luaigh le do thoil seoladh an chláraithe: _____

   _____

10. **An Clár Atheagraithe**
    Mura mian leat a bheith curtha ar **an gclár atheagraithe**, ba chóir tic a chur sa bhosca rogha an diúltaithe thíos. (Féach Nóta 5).

    Bosca rogha an diúltaithe ☐

11. **Dearbhú**

Caithfear an roinn seo a shíniú i láthair chomhalta den Gharda Síochána ag do Stáisiún Gardaí áitiúil (roinn 12(a) – nóta 6) nó i láthair Oifigeach Údaráis Chlárúcháin (roinn 12(b) – nóta 6).

Creidim go bhfuil an fhaisnéis atá soláthraithe agam fíor agus déanaim iarratas ar a bheith ar an bhForlíonadh do Chlár na dToghthóirí.

Síniú an Iarratasóra: _____ Dáta: _____

12. **Dearbhú Céannachta**

(a) Faigh an roinn seo comhlánaithe ag Stáisiún Gardaí le do thoil ag comhalta den Gharda Síochána – féach nóta 6.

Dearbhaím gur dheimhnigh mé dom féin céannacht an iarratasóra a bhfuil roinn 11 sínithe i mo láthair aige nó aici nó dearbhaím gur dheimhnigh mé dom féin go bhfuil an t-iarratasóir a bhfuil roinn 11 sínithe i mo láthair aige nó aici ar eolas ag údaráis inimirce na hÉireann mar:

_____ (an chéad ainm) _____(sloinne)

Síniú an Gharda: _____ Ainm **(BLOCLITREACHA):** _____ Céim: _____ Uimhir an Gharda: _____ Teileafón: :_____ Dáta: _____	Stampa an Stáisiúin

(b) Faigh an roinn seo comhlánaithe i gcás nach bhfuil ar do chumas 12(a) thuas a chomhlíonadh, agus **SA CHÁS SIN AMHÁIN**.

An chúis nach bhféadfaí an fhoirm a chomhlánú ag Stáisiún Gardaí áitiúil: _____ _____ *Síniú oifigeach an Údaráis Chlárúcháin:* _____ _____ Ainm: **(BLOCLITREACHA)**:_____ Grád: _____ Dáta: _____	Stampa an Údaráis Chlárúcháin

(c) Faigh an roinn seo comhlánaithe ag liachleachtóir i gcás nach bhfuil ar do chumas 12(a) nó 12(b) a chomhlíonadh mar gheall ar bhreoiteacht fhisiciúil nó míchumas fisiciúil, agus **SA CHÁS SIN AMHÁIN**.

Dearbhú Liachta

Cineál agus méid na breoiteachta fisiciúla nó an mhíchumais fhisiciúil _____ _____ Fad ionchasach na breoiteachta nó an mhíchumais: _____ Síniú an Liachleachtóra Cláraithe: _____ Seoladh: _____ Dáta: _____

RFA2

Nótaí

LÉIGH NA NÓTAÍ GO CÚRAMACH LE DO THOIL SULA GCOMHLÁNANN TÚ AN FHOIRM

Iarratas ar a bheith an bhForlíonadh do Chlár na dToghthóirí 2010/2011

1. Má tá tú incháilithe mar thoghthóir agus nach bhfuil d'ainm ar chlár na dtoghthóirí 2010/2011, féadfaidh tú an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh le bheith ar fhorlíonadh don chlár. Beidh toghthóirí incháilithe a mbeidh a n-ainm ar an bhforlíonadh i dteideal vóta a chaitheamh ag toghchán nó reifreann a thionóltar i rith shaolré an chláir.

2. Le bheith ar an bhforlíonadh, caithfidh tú:
   (a) a bheith 18 mbliana d'aois (féach nóta 3);
   (b) gnáthchónaí a bheith ort ag an seoladh ag ar mian leat a bheith cláraithe; agus
   (c) gan a bheith cláraithe cheana mar thoghthóir (ach amháin i gcás go ndéantar athrú ar an seoladh – féach 10 thíos).

3. Maidir le 2(a) thuas, beidh duine incháilithe le bheith ar an bhforlíonadh don chlár an lá a slánaíonn an duine sin ocht mbliana d'aois, nó tar éis an lá sin, lena n-áirítear aon lá laistigh den tréimhse dar tús an lá deiridh chun iarratais a fháil agus dar críoch an lá vótaíochta. Bheadh sé ina chabhair nuair a bhíonn iarratas ó dhuine a shlánaíonn 18 mbliana d'aois á bhreithniú dá mbeadh cóip de theastas breithe nó doiciméad comhchosúil i dteannta leis an bhfoirm.

4. Caithfidh gach duine a dhéanann iarratas le bheith ar an bhforlíonadh foirm ar leithligh a chomhlánú agus a shíniú. Caithfidh an t-iarratasóir an fhoirm a sheoladh nó a sheachadadh go díreach chuig an údarás clárúcháin. Chun aon mhoill i bpróiseáil d'iarratais a sheachaint, déan cinnte go gcomlánaíonn tú an fhoirm go hiomlán agus go gcuireann tú ar ais leis an bpost í nó go seachadann tú í chuig an gComhairle Cathrach nó Contae don cheantar ina gcónaíonn tú.

5. **Dhá leagan den chlár**
   Ó 2004, foilseoidh údaráis chlárúcháin dhá leagan den chlár - an clár atheagraithe agus an clár iomlán.

   Sa chlár iomlán liostálfar gach duine atá i dteideal vóta a chaitheamh agus níl cead é a úsáid ach chun críche toghcháin nó reachtaíochta.

   Ar **an gclár atheagraithe** beidh ainmneacha agus seoltaí na ndaoine a léirigh gur féidir a gcuid sonraí a úsáid le haghaidh rudaí eile seachas toghcháin nó reachtaíocht, m.sh. le haghaidh dírmhargaíochta ag eagras trádála nó ag eagras eile**.** **Mura** mian leat do shonraí a bheith curtha ar an gclár atheagraithe, ba chóir duit tic a chur sa bhosca rogha an diúltaithe i gcuid a 10 den fhoirm seo. Más mian leat do shonraí clárúcháin a bheith ar fáil chun críche neamhreachtaíochta, ba chóir duit an bosca a fhágáil glan.

6. **Dearbhú/Deimhniú Céannachta**
   (a) Caithfear an dearbhú ag roinn 11 den fhoirm iarratais a shíniú i láthair chomhalta den Gharda Síochána ag do stáisiún Gardaí áitiúil. Más deimhin leis an nGarda do chéannacht, síneoidh sé nó sí roinn 12(a) den fhoirm agus cuirfidh dáta agus stampa leis. Más gá, d'fhéadfadh sé go mbeadh céannacht le grianghraf riachtanach agus ba chóir duit céannacht éigin den sórt sin agus céannacht tacaíochta eile a bhreith leat lena bheith mar chabhair don Gharda.

   (b) Mura bhfuil ar do chumas a bheith i láthair ag do Stáisiún Gardaí áitiúil, féadfar an fhoirm a fhianú ag oifigí an údaráis chlárúcháin agus i gcásanna den sórt sin caithfear roinn 12(b) den fhoirm a chomhlánú. Caithfidh tú a lua, i scríbhinn, cén chúis nach féidir leat a bheith i láthair ag do stáisiún

Gardaí áitiúil. Ba chóir céannacht le grianghraf agus doiciméid chéannachta tacaíochta a bhreith leat chuig an údarás clárúcháin.

(c) Murar féidir leat a bheith i láthair ag do stáisiún Gardaí áitiúil ná ag oifigí an údaráis chlárúcháin mar gheall ar bhreoiteacht fhisiciúil nó míchumas fisiciúil caithfidh tú roinn 12(c) a fháil comhlánaithe ag liachleachtóir.

7. Má tá tú ag déanamh iarratais tar éis toghchán nó reifreann a bheith gairmthe, tabhair ar aird go gcaithfidh an t-iarratas a bheith ag an gComhairle Cathrach nó Contae lena mbaineann **roimh an gceathrú lá déag (gan Domhnaigh, laethanta saoire poiblí agus Aoine an Chéasta san áireamh) roimh an lá vótaíochta** chun go bhféadfar é a bhreithniú le bheith ar an bhforlíonadh don toghchán nó reifreann sin. Ní phróiseálfar iarratais dhéanacha go dtí tar éis an lá vótaíochta.

8. Cuirfear an rialú ar d'iarratas in iúl duit chomh luath agus is féidir. I gcás go ndiúltaítear d'iarratas, beidh an ceart agat achomharc a dhéanamh in aghaidh an rialaithe chuig an gcláraitheoir contae. Foilseofar an forlíonadh sa tréimhse díreach roimh an lá vótaíochta ag toghchán nó reifreann.

9. Is cion é má mhainnítear aon fhaisnéis a thabhairt don údarás clárúcháin nó don chláraitheoir contae a bhíonn riachtanach chun críocha a ndualgas, nó faisnéis bhréagach a thabhairt go feasach.

10. Má tá tú ar chlár na dtoghthóirí agus go bhfuil áit chónaithe aistrithe agat ó Dháilcheantar nó ó thoghlach údaráis áitiúil amháin go ceann eile féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar d'ainm a chur ar an bhforlíonadh. **Ná húsáid an fhoirm seo: tá foirm ar leithligh ar fáil ó d'údarás clárúcháin chun na críche sin (Foirm RFA3 – Athrú ar an Seoladh).**